



Treoirlínte maidir le Polasaí Úsáida Inghlactha

Treoirlínte maidir le Polasaí Úsáide Inghlactha a fhorbairt ar scoil



Réamhrá

Is éard atá i bPolasaí Úsáide Inghlactha (AUP) a cheapadh ná an chéad chéim thábhachtach maidir le haghaidh a thabhairt ar shaincheist na sábháilteachta digití ag leibhéal scoile. Soláthraíonn an fhaisnéis seo a leanas treoirínte agus comhairle maidir leis na saincheistanna a bhaineann leis an bpróiseas seo.



Polasaí Úsáide Inghlactha a Fhorbairt



Comhpháirteanna de Pholasaí Úsáide Inghlactha



Teimpléid Úsáideacha

Polasaí Úsáide Inghlactha (AUP) a Fhorbairt



Is doiciméad é Polasaí Úsáide Inghlactha ina bpléitear leis na cearta, pribhléidí, freagrachtaí agus smachtbhannaí ar fad a bhaineann le húsáid an idirlín agus na dteicneolaíochtaí digiteacha laistigh den scoil, lena n-áirítear a n-úsáid ar líne agus as líne. De ghnáth, dréachtaíonn múinteoirí agus ceannaireacht na scoile é mar chuid de phróiseas comhairliúcháin agus is minic a chomhtháthaítear é i bPlean Foghlama Digití na scoile. Ba cheart go gcuirfeadh na scoláirí san áireamh sa phróiseas comhairliúcháin ar bhealach atá aoisoiriúnach. Go hidéalach, cheapfadh gach scoil AUP sula mbeadh baint aici le haon úsáid a bhaint as an Idirlíon agus d'iarrfadh sí daingniú an Bhoird Bainistíochta (ar chúiseanna dlí).

Áirítear leis an bhfoilseachán seo AUP samplach do mhúinteoirí. Go ginearálta, tugann sé aghaidh ar an úsáid shábháilte, inghlactha agus fhreagrach as an idirlíon agus as teicneolaíochtaí digiteacha. D'fhéadfaí é a úsáid mar chreat nó é a oiriúnú chun freagairt do thosca agus riachtanais scoileanna aonair. (Cuirtear san áireamh san fhoilseachán seo treoirí maidir le húsáid gnéithe éagsúla den Idirlíon. Is féidir iad sin a oiriúnú nó a chomhchuimsiú isteach san AUP a chuirtear ar fáil, i gcás ina roghnaíonn an scoil an leibhéal sin sonraí a chur san áireamh.)

Ós rud é gurb é atá sa réasúnaíocht a bhaineann le AUP ná dea-chleachtas agus úsáid shábháilte agus fhreagrach an idirlín agus na dteicneolaíochtaí digiteacha a chur chun cinn, is doiciméad an-tábhachtach é. Is iad seo a leanas a phríomhspriocanna:

- Oideachas a chur ar scoláirí, ar thuismitheoirí agus ar mhúinteoirí faoi chumas an idirlín agus teicneolaíochtaí digiteacha mar acmhainní luachmhara foghlama
- An straitéis scoile maidir le húsáid shábháilte an Idirlín a chur chun cinn a shainiú agus aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann lena úsáid
- Cosaint dhlíthiúil ó dhliteanas a chur ar fáil do scoileanna

D'fhéadfadh sé a bheith follasach do na scoláirí cén fáth a bhfuil AUP ann agus cén chaoi a n-oibríonn sé, ach, mar sin féin, caithfear míniú a thabhairt dóibh ina leith agus is céim thábhachtach í maidir le feasacht a mhúscailt agus tuiscint ar shaincheisteanas sábháilteachta Idirlín éagsúla agus teicneolaíochtaí digiteacha a chur ar fáil do na scoláirí. Cé go bhfuil rialúchán agus réitigh theicniúla iontach tábhachtach, ba chóir go mbeadh cothromaíocht idir a n-úsáid agus oideachas a chur ar dhaltáí faoi bheith freagrach. Cuid riachtanach de phlean foghlama digití na scoile is ea oideachas a chur ar scoláirí. Bíonn cuidiú agus tacaíocht na scoile de dhíth ar leanaí agus ar dhaoine óga chun na rioscaí sábháilteachta a sheachaint agus a aithint agus a n-athléimneacht a fhorbairt. Ba chóir clár réamhbheartaithe i leith sábháilteachta ar an Idirlíon a chur ar fáil mar chuid de OSPS/Folláine nó réimsí eile sa churaclam agus ba chóir athbhreithniú a dhéanamh air go rialta agus béim á cur ar na príomhtheachtaireachtaí sábháilteachta mar chuid de chlár réamhbheartaithe. Tá acmhainní agus comhairle sábháilteachta ar líne agus folláine digití ar fáil ó webwise.ie; tionscnamh sábháilteachta na Roinne Oideachais ar líne.



Comhpháirtea nna an AUP

Ba chóir do AUP aghaidh a thabhairt ar gach gné d'úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha agus an idirlín. Áirítear orthu seo, i measc cúrsaí eile:

Cuid 1: Ar Líne

- Leibhéal Scagtha Leathanbhanda
- Rudaí a chuardach, a íoslódáil agus suíomhanna gréasáin a
- bhrabhsáil Treoirínte maidir le Cóipcheart
- Suíomh gréasáin scoile a fhoilsiú
- Cumarsáid ar líne cuir i gcás ríomhphoist, na meáin shóisialta, fóraim ar líne teachtaireachtaí, etc.
- Cluichíocht ar líne



Cuid 2: Ardáin Ardáin

- foghlama dhigiteacha Úsáid
- na gcuntas ríomhphoist
- RGCS a ghabháil agus a stóráil
-



Cuid 3: Sábháilteacht Idirlín

- Áiteanna inar féidir comhairle agus treoirínte maidir le
- sábháilteacht ar líne a aimsiú Sainmhíniú ar an ábhar cuí
- Úsáid neamhdhleathach agus dhochrach
- an Idirlín Úsáid trealaimh chun tairbhe
- tráchtála Úsáid na gcuntas ríomhphoist
- Smachtbhannaí
- Meicníochtaí tuairiscithe



Céimeanna molta le leanúint agus an polasaí seo á fhorbairt agus á thabhairt chun dáta:

1 - Struchtúir a thionscnamh agus a bhunú

Bunaigh grúpa nó coiste comhordaithe/ foghrúpa den fhoireann dhigiteach má mheastar go bhfuil gá leis sin

2 - Athbhreithniú agus Taighde

Aimsigh an phríomhfhaisnéis ar na suíomhanna gréasáin gov.ie/ga/organisation/department-of-education/ ina gcuirtear faisnéis, comhairle agus uirlisí ar fáil chun tacú le scoileanna le bheith réamhghníomhach i réimse na sábháilteachta idirlín agus atá deartha le bheith inoiriúnaithe do riachtanais na scoileanna aonair

3 - Dréacht-pholasaí a ullmhú

Comhroinn na hábhair teimpléid seo a leanas thíos:

Polasaí Úsáide Inghlactha (AUP) samplach – formáid teimpléid

Duillín ceada lena shíniú ag tuismitheoir/caomhnóir – iarcheangailte leis an teimpléad

Litir chuig Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Seicliosta AUP

Leasaigh an AUP chun oiriúnú do riachtanais na scoile – beidh tionchar ag timpeallacht gach scoile ar an gcur chuige a ghlacfar

4 - Scaipeadh/Comhairliúchán

Scaip an dréacht-pholasaí agus téigh i gcomhairle le foireann scoile, le daltaí, le tuismitheoirí/le caomhnóirí, le bord bainistíochta/le hiontaobhaithe

Leasaigh an dréacht-pholasaí, de réir mar is gá, agus i bhfianaise an phróisis comhairliúcháin

5 - Daingniú agus Cumarsáid

Cuir an polasaí i láthair an Bhoird Bhainistíochta dá dhaingniú

Déan soláthar do scaipeadh an pholasaí do gach tuismitheoir/caomhnóir agus eagraigh a sholáthar do gach dalta, iontrálaithe nua san áireamh

Cuir an polasaí daingnithe in iúl do na daoine eile i bpobal na scoile

6 - Cur i bhfeidhm

Cuir forálacha an pholasaí i bhfeidhm

7 - Monatóireacht

Seiceáil, ar eatraimh rialta, go bhfuil an polasaí á chur chun feidhme agus sainaithin aon saincheistean a thagann aníos

8- Athbhreithniú, Meastóireacht agus Athcheartú

Athbhreithnigh agus meas tionchar an pholasaí de réir an phlean foghlama digití go rialta, agus go bliantúil ar a laghad (beidh seicliosta AUP ina chabhair sa phróiseas seo) i bhfianaise an phróisis meastóireachta, aiseolais ó phobal na scoile agus forbairtí eile

Teimpléad maidir le Polasaí Úsáide Inghlactha

Ainm na Scoile: _____

Seoladh: _____

Tá sé mar aidhm ag an bPolasaí Úsáide Inghlactha (AUP) seo a chinntiú go mbainfidh scoláirí tairbhe as deiseanna foghlama a thairgeann acmhainní digiteacha na scoile ar bhealach sábháilte agus éifeachtach. Ceaptar go bhfuil úsáid fhreagrach an idirlín agus na dteicneolaíochtaí digiteacha, ar líne agus as líne agus rochtain ina bunchuid de theagasc agus foghlaim. Mar sin, mura gcloítear le AUP na scoile, cuirfear smachtbhannaí comhaontaithe i bhfeidhm.

Tá sé i gceist go ndéanfaidh ionadaithe scoile agus tuismitheoirí an AUP a leasú ar bhonn bliantúil ar a laghad. Sula síneofaí é, ba cheart an AUP a léamh go cúramach chun a chinntiú go nglactar leis na coinníollacha úsáide agus go dtuigtear iad.

Cruthaíodh/Nuashonraíodh an leagan seo den UAP ar _____ (dáta)
agus daingníodh é ar _____ (dáta).

Straitéis na Scoile

Úsáideann an scoil roinnt straitéisí chun an leas is mó a bhaint as deiseanna foghlama agus chun rioscaí a bhaineann leis an Idirlíon a laghdú. Seo a leanas na straitéisí sin:

Ginearálta

- Bainfear úsáid as bogearraí scagacháin agus/nó córais choibhéiseacha chun an riosca neamhchosanta ar ábhar míchuí a íoslaghdú
- Déanfaidh an scoil monatóireacht rialta ar úsáid na scoláirí as an idirlíon
- Ba cheart go gcuirfí oiliúint i réimse na sábháilteachta Idirlín ar fáil do scoláirí agus do mhúinteoirí. Ní cheadófar uaslódáil agus íoslódáil bogearraí neamhcheadaithe
- Déanfar bogearraí cosanta ar víris a úsáid agus a nuashonrú ar bhonn rialta
- Teastaíonn cead ó mhúinteoir chun úsáid a bhaint as meáin stórála dhigiteacha seachtracha
- phearsanta ar scoil. Taispeánfaidh scoláirí ómós do dhaoine eile i gcónaí agus ní dhéanfaidh siad aon ghníomh a d'fhéadfadh droch-cháil a tharraingt ar an scoil



Úsáid an Idirlín

- Ní rachaidh scoláirí chuig suíomhanna Idirlín ina bhfuil ábhair gháirsiúla, neamhdhleathacha, ghráiniúla nó inlochtaithe ar shlí eile d'aon turas
- Spreagfar scoláirí chun rochtain de thaisme ar ábhair mhíchuí a thuairisciú de réir nósanna imeachta na scoile
- Úsáidfídh scoláirí an tIdirlíon chun críocha oideachais amháin
- Ní dhéanfaidh scoláirí faisnéis a chóipeáil isteach i dtascanna gan an fhoinsé a admháil (sárú bradaíola agus cóipchirt)
- Ní dhéanfaidh scoláirí faisnéis phearsanta ná pasfhocail a nochtadh ná a phoiblíú riamh.
- Sáróidh scoláirí Polasaí Úsáide Inghlactha na scoile go díreach má íoslódálann siad ábhair nó íomhánna nach mbaineann lena gcuid staidéar
- Beidh scoláirí eolach go ndéanfar monatóireacht ar aon úsáid as an idirlíon agus as ardán digiteach na scoile, lena n-áirítear faisnéis a dháileadh nó a fháil, bíodh sí bainteach leis an scoil nó pearsanta

Ríomhphost

- Úsáidfídh na scoláirí cuntais ríomhphoist scoile atá faofa
- Ní dhéanfaidh scoláirí aon ábhar a sheoladh ná a fháil atá neamhdhleathach, gáirsiúil, clúmhillteach nó atá beartaithe le cur isteach ar dhuine eile nó é/í a chiapadh ná a imeaglú
- Ní nochtfaidh scoláirí a sonraí pearsanta féin ná sonraí pearsanta daoine eile, ar nós seoltaí, uimhreacha gutháin nó pictiúr
- Ní eagróidh scoláirí cruinniú aghaidh ar aghaidh le duine ar bith nach bhfuil aithne acu air ach trí ríomhphost nó tríd an idirlíon
- Tabharfaidh scoláirí faoi deara go mbeidh seoladh agus fáil iatán ríomhphoist faoi réir cead a fháil óna múinteoir
- Ní chuirfidh scoláirí teachtaireachtaí ríomhphoist ná seatanna den scáileán ar aghaidh nó “freagair cách” gan cead a fháil ón údar
- Is é an ríomhphost scoile amháin atá le húsáid ag na scoláirí le haghaidh gníomhaíochtaí scoile agus chun cur isteach ar ghníomhaíochtaí scoilbhunaithe amháin. Ní cheadaítear úsáid a bhaint as cuntais ríomhphoist phearsanta chun obair scoilbhunaithe a dhéanamh
- Níor cheart do na scoláirí cuntais ríomhphoist na scoile a úsáid chun clárú le haghaidh seirbhísí ar líne, líonrú sóisialta, aipeanna agus cluichí
- Ba cheart do scoláirí tuairisc a thabhairt má fhaigheann siad aon chumarsáid a fhágann míchompordach iad, nó aon chumarsáid atá gránna, idirdhealaitheach, bagrach nó a bhfuil bulaíocht ag baint léi agus níor cheart don scoláire freagra a thabhairt ar aon chumarsáid den sórt sin. Ba cheart do na scoláirí aon chumarsáid den sórt sin a thuairisciú do mhúinteoir
- Níor cheart do scoláirí ríomhphoist a bhfuil cuma amhrasach orthu a oscailt. Ba cheart do na scoláirí aon ríomhphost aisteach a thuairisciú do mhúinteoir
- Tá an t-údar freagrach as gach ríomhphost agus tuairim curtha in iúl sa ríomhphost agus ní léiríonn siad tuairim na scoile



Seirbhísí Meán Sóisialta agus teachtaireachtaí don Fhoireann agus do na Scoláirí

- Ní bhainfidh foireann agus scoláirí na scoile úsáid as na meáin shóisialta, as seirbhísí teachtaireachta ná as an idirlíon ar aon bhealach ar bith chun daoine eile a chiapadh, a mhaslú, a chlúmhilleadh ná chun mí-úsáid a dhéanamh orthu
- Ní phléifidh an fhoireann ná na scoláirí faisnéis phearsanta maidir le scoláirí, an fhoireann agus baill eile de phobal na scoile ar na meáin shóisialta
- Ní úsáidfí an fhoireann agus na scoláirí seoltaí ríomhphoist na scoile chun cuntais meáin shóisialta phearsanta a bhunú nó chun cumarsáid a dhéanamh trí mheáin den sórt sin
- Ní ghlacfaidh an fhoireann agus na scoláirí aon pháirt i ngníomhaíochtaí lena mbaineann na meáin shóisialta a d'fhéadfadh droch-cháil a tharraingt ar an scoil
- Ní fhéadfaidh an fhoireann ná na scoláirí a dtuairimí pearsanta a léiriú mar thuairimí na scoile ar aon seirbhís meán sóisialta ná ar aon seirbhís teachtaireachta
- Cuirfear treoraíocht ar fáil do scoláirí maidir le béasaíocht a bhaineann leis na meáin shóisialta

Chomh maith leis sin, is féidir leis na scoileanna a bhfoirne a threorú chuig Treoir do Mhúinteoirí Cláraithe faoi úsáid na Meán Sóisialta agus na Cumarsáide Leictreonaí.

Treoir do Mhúinteoirí

Chomh maith leis sin, is féidir leis na scoileanna a bhfoirne a threorú chuig Treoir do Mhúinteoirí Cláraithe faoi úsáid na Meán Sóisialta agus na Cumarsáide Leictreonaí anseo:

- <https://www.teachingcouncil.ie/en/news-events/latest-news/2021/guidance-for-registered-teachers-about-the-use-of-social-media-and-electronic-communication.html>

Ardáin Foghlama Digití (lena n-áirítear físchomhdháil)

- Tá ardán foghlama digití na scoile á bhainistiú ag an scoil agus i seilbh na scoile. Ba cheart go mbeifí in ann cumarsáid dhá bhealach a dhéanamh ar an ardán seo
- Ba cheart cead a lorg ó thuismitheoirí sula n-úsáidfí na scoláirí ardán foghlama digití na scoile
- Úsáid cuntais ríomhphoist (mar atá nótaílte thuas)
- Níor cheart ach gléasanna scoile a úsáid chun meáin a ghabháil agus a stóráil. Ba cheart na meáin agus na sonraí ar fad a bhaineann leis an scoil a bheith stóráilte ar ardán na scoile
- Ba cheart na hardáin dhigiteacha a úsáid de réir na nithe ar gá breathnú orthu atá leagtha amach i bplean cosanta sonraí (RGCS) na scoile
- Ba cheart go mbeadh faisnéis aitheantais uathúil ag gach duine a úsáideann an t-ardán. Níor cheart seoltaí ríomhphoist pearsanta a úsáid nuair a chruthaítear cuntais ar ardáin dhigiteacha scoile. Níor cheart Pasfhocail le haghaidh ardáin agus cuntais dhigiteacha a chomhroinnt

Foghlaim Chianda

Úsáid an spás seo chun eolas a thabhairt faoi Pholasaí Foghlama Cianda na scoile

Fuaim, Íomhánna agus Físeáin

- ♦ Nuair atá fuaim, íomhánna grianghrafadóireachta nó físeáin á nglacadh, ba cheart cúram a ghlacadh go mbeidh foghlaimeoirí gléasta go cuí agus nach mbeidh siad ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí lena bhféadfaí míchlú a tharraingt ar na daoine aonair nó ar an scoil.
- ♦ Níor cheart do scoláirí íomhánna de dhaoine eile a thaifeadadh, a ghlacadh, a úsáid, a chomhroinnt, a fhoilsiú ná a scaipeadh gan a dtailiú a fháil.
- ♦ Ní cheadaítear, in aon imthosca, fuaim a thaifeadadh ná grianghraif nó físeáin a ghlacadh ar thailte na scoile nó le linn páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile.
- ♦ Ceadaítear fuaim a thaifeadadh, grianghraif nó físeáin a ghlacadh ar thailte na scoile nó le linn páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile fad is a ghlactar cúram nach ndéantar aon díobháil do na baill foirne ná do dhaltá sa scoil.
- ♦ Ní cheadaítear fuaim a thaifeadadh ná grianghraif nó físeáin a ghlacadh ar thailte na scoile nó le linn páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile ach amháin le cead sainráite a fháil ó na baill foirne.
- ♦ Gheofar cead i scríbhinn ó thuismitheoirí nó ó chúramóirí sula bhfoilseofar físeáin, fuaim nó grianghraif de scoláirí ar shuíomh gréasáin na scoile.
- ♦ Ní ceadmhach do scoláirí fuaim, íomhánna, físeáin ná inneachar eile a chomhroinnt ar líne d'fhonn díobháil a dhéanamh do bhall eile de phobal na scoile beag beann ar cé acu a tharlaíonn sin ar scoil nó lasmuigh di.
- ♦ Is do ghlactha an t iompar é íomhánna/físeáin gháirsiúla agus, go háirithe, íomhánna/físeáin gháirsiúla de scoláirí agus/nó do mhionaoisigh a chomhroinnt agus is iompar é ar a bhfuil cosc iomlán, agus tá iarmhairtí agus smachtbhannaí tromchúiseacha i gceist leis sin dóibh sin atá rannpháirteach. Má chomhroinntear íomhánna/físeáin gháirsiúla de scoláirí eile, tabhaítear fionraí mar smachtbhanna go huathoibríoch dá dheasca sin.

Cumarsáid

Is réimse é seo ina bhfuil teicneolaíochtaí agus úsáidí ag teacht chun cinn go gasta. Beidh ar scoileanna plé agus comhaontú a dhéanamh leis an dóigh a mbeartaíonn siad teicneolaíochtaí nua agus aosta a chur chun feidhme agus a úsáid. Mar shampla, ní thugann roinnt scoileanna cead do scoláirí a ngléasanna pearsanta a úsáid i gceachtanna (fón cliste/taibléad/uaireadóir cliste etc.), agus déanann scoileanna eile a gcumas oideachais a aithint agus a n-úsáid a cheadú.

Tá an cumas ag raon leathan teicneolaíochtaí cumarsáide atá ag forbairt go mear feabhas a chur ar fhoghlaim. Tá tábla san áireamh thíos le taispeáint cén chaoi a measann an scoil an tairbhe agus na rioscaí/míbhuntáistí a bhaineann le húsáid na dteicneolaíochtaí sin chun críocha oideachais. D'fhéadfadh aois na ndaltaí tionchar a imirt ar an rannán seo freisin. Fágadh an tábla folamh le gur féidir le do scoil a freagairtí féin a roghnú.

Teicneolaíochtaí Cumarsáide	Ceadaithe	Ceadait he ag amanna áirithe	Ceadaithe le cead foirne	Neamhcheadaithe
Féadfar Gléasanna Pearsanta a thabhairt ar scoil				
Úsáid na ngléasanna pearsanta i gceachtanna				
Úsáid na ngléasanna le linn am sóisialta				
Grianghraif a ghlacadh ar ghléasanna pearsanta (fón cliste, táibléad, etc.)				
Úsáid na ngléasanna láimhe				
Úsáid seoltaí ríomhphoist pearsanta sa scoil, nó ar líonra na scoile				
Úsáid seoltaí ríomhphoist scoile le haghaidh ríomhphoist phearsanta				
Úsáid na seomraí comhrá				
Úsáid teachtaireachtaí meandracha				
Úsáid na suíomhanna meán sóisialta agus na bhfóram ar líne				
Úsáid blaganna				

D'fhéadfadh go dteastódh ón scoil roinnt ráitis pholasaí maidir le húsáid teicneolaíochtaí cumarsáide a chur in ionad an tábla thuas nó de bhreis air.



Gníomhaíochtaí Míchuí

Ba cheart go gcabhródh an liosta seo a leanas “gníomhaíochtaí míchuí” a shainaithint i do scoil. Ba chóir duit tic a chur leis na colúin lena mbaineann agus na ráitis iomchuí a chur san áireamh sa pholasaí AUP.

Ní rachaidh úsáideoirí chuig suíomhanna Idirlín ná ábhar, ráitis, tograí ná nótaí tráchta ina bhfuil na nithe seo a leanas nó a bhaineann leis na nithe seo a leanas a chruthú, a phostáil, a íoslódáil, a uaslódáil, a chur nó a fháil trí aistriú sonraí, a chur in iúl ná a chur ar aghaidh: (Cuir tic le gach ceann atá ábhartha)

- ☐ Cur chun cinn nó déanamh gníomhartha neamhdhleathacha, e.g. faoin reachtaíocht um chosaint leanaí, um gháirsiúlacht, um Reachtaíocht um Mí-úsáid ríomhairí agus um chalaois
- ☐ Ábhar ciníoch
- ☐ Pornagrafaíocht
- ☐ Cur chun cinn aon chineál idirdhealaithe
- ☐ Cur chun cinn fuatha chiníoch nó reiligiúnaigh
- ☐ Iompar dochrach nó bagrach, lena n-áirítear cur chun cinn foréigin fhisicigh nó dochair mheabhrach
- ☐ Aon fhaisnéis eile a d'fhéadfadh a bheith gráiniúil do chomhghleacaithe nó a sháraíonn sláine éitis na scoile nó a tharraingíonn droch-cháil ar an scoil
- ☐ Córais scoile a úsáid chun gnólacht príobháideach a reáchtáil
- ☐ Córais, feidhmchláir, suíomhanna Idirlín nó meicníochtaí eile a úsáid a sheachthreoraíonn an scagachán nó na cosaintí eile a úsáideann an scoil
- ☐ Bogearraí tráchtála nó aon ábhar faoi chóipcheart ar le tríú páirtithe iad a uaslódáil, a íoslódáil nó a tharchur gan na ceadanna riachtanacha ceadúnaithe
- ☐ Faisnéis rúnda nó dhílisithe a nochtadh nó a phoiblíú (e.g. faisnéis airgeadais / phearsanta, bunachair sonraí, cóid rochtana ríomhaire / líonra agus pasfhocail)
- ☐ Víris ríomhaireachta nó comhaid dhochracha eile a chruthú nó a fhorleathadh
- ☐ Trácht líonra ardtoirte marthanach nó meandrach (comhaid a íoslódáil / a uaslódáil) a dhéanamh a bheadh ina chúis le plódú líonra nó a chuireann cosc ar dhaoine eile agus an t-idirlíon á úsáid acu
- ☐ Cluichíocht ar líne
- ☐ Cearrbhachas ar líne
- ☐ Siopadóireacht ar líne
- ☐ Úsáid láithreáin líonraithe shóisialta, teachtaireachtaí meandracha agus fóraim ar líne
- ☐ ábhar ina bhfuil drochúsáid ghnéasach leanaí
- ☐ Aon ghníomhaíocht eile a mheastar atá amhrasach

Suíomh Idirlín Scoile

- Tabharfar deis do scoláirí tionscadail, saothar ealaíne nó obair scoile a fhoilsiú ar an idirlíon de réir polasaithe soiléire agus próisis shoiléire cheadaithe maidir leis an inneachar is féidir a lódáil chuig suíomh gréasáin na scoile
- Seiceálfar an suíomh gréasáin go rialta chun a chinntiú nach mbeidh aon inneachar ann a chuireann sábháilteacht na scoláirí nó na foirne i gcontúirt
- Seiceálfar áiseanna úsáide suímh idirlín ar nós nótaí tráchta agus inneachar arna ghiniúint ag úsáideoirí go minic chun a chinntiú nach mbeidh sonraí pearsanta iontu
- Comhordóidh múinteoir foilsiú obair na scoláirí
- Déanfaidh an scoil dianiarracht grianghraif dhigiteacha, fuaim nó gearrthóga físe a dhíríonn ar ghníomhaíochtaí grúpa a úsáid. Ní fhoilseofar inneachar a dhíríonn ar dhaltaí aonair ar shuíomh Idirlín na scoile ach le cead tuismitheora
- Fágfar faisnéis phearsanta scoláirí, lena n-áirítear seoladh baile agus sonraí teagmhála, ar lár as suíomhanna gréasáin na scoile
- Seachnóidh suíomh gréasáin na scoile céadainm agus sloinne na ndaoine aonair i ngrianghraf a fhoilsiú
- Cinnteoidh an scoil go mbeidh ainm iomchuí ar na comhaid íomhánna agus ní úsáidfear ainmneacha scoláirí in ainmneacha na gcomhad íomhánna ná i gclibeanna ALT má fhoilsítear ar líne iad
- Is le scoláirí go fóill an cóipcheart ar aon obair a fhoilsítear

Cibearbhulaíocht

Is éard is bulaíocht ann ná *‘iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine (nó daoine) eile, agus a dhéantar arís agus arís eile’*. (Gnásanna Frithbhulaíochta, an Roinn Oideachais, 2013)

Tá an méid seo a leanas i gceist leis an sainmhíniú freisin:

- duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidreamh bulaíochta
- bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige
- cibearbhulaíocht

Is éard atá i gceist le cibearbhulaíocht ná úsáid na teicneolaíochta chun bulaíocht a dhéanamh ar dhuine agus é mar aidhm an duine a ghortú, a náiriú nó a imeaglú. Tá go leor cineálacha éagsúla cibearbhulaíochta ann lena n-áirítear daoine a fhágáil ar lár ar líne, teachtaireachtaí/íomhánna mailíseacha, teachtaireachtaí/ríomhphoist dhrochídeacha, ag déanamh aithris ar dhuine ar líne, etc. Tá an cineál seo bulaíochta ag éirí níos coitianta agus ag forbairt i gcónaí.

Féachann Gnás Frithbhulaíochta 2013 na Roinne Oideachais, “ar theachttaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar líonra sóisialta poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta”

Ó tharla go n-úsáidtear teicneolaíocht i gcibearbhulaíocht chun iompar bulaíochta a bhuanú agus ó tharla nach gá go mbeadh teagmháil duine le duine i gceist leis an gcibearbhulaíocht, féadann sí tarlú am ar bith (de lá agus d'óiche). Is féidir leis an gcibearbhulaíocht go leor cineálacha bulaíochta a éascú. Mar shampla, b'fhéidir go gcuirfí téacs homafóbach chuig an sprioc-duine nó b'fhéidir go bpostálfaí teachtaireachtaí nó pictiúir mhailíseacha faoi ghnéasacht nó faoi chuma duine etc.

Ciallaíonn an rochtain ar theicneolaíocht gur féidir le cibearbhulaíocht tarlú de lá agus d’oíche agus d’fhéadfadh nach mbeadh scoláirí sábháilte sa bhaile ó bhulaíocht dá leithéid. Bíonn níos mó scoláirí i mbun cumarsáide ar bhealaí nach bhfuil daoine fásta ar an eolas fúthu agus atá saor ó mhaoirseacht go minic. Fágann nádúr na dteicneolaíochtaí seo gur féidir ábhar digiteach a chomhroinnt, gur féidir le lucht an-leathan féachana an t-ábhar sin a fheiceáil beagnach láithreach agus go bhfuil sé beagnach dodhéanta ábhar a scriosadh go buan. Cé go dtarlaíonn cibearbhulaíocht go minic sa bhaile agus istoíche, is minic a bhraitear an tionchar ar scoil.

De réir na nGnásanna Frithbhulaíochta do Scoileanna; féachfar ar theachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar líonra sóisialta poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile **mar iompar bulaíochta**.

Agus iad ag úsáid an idirlín, beifear ag súil go gcaithfidh scoláirí, tuismitheoirí agus an fhoireann go hómósach le daoine eile ag gach tráth. Is iompar do-ghlactha agus iompar a bhfuil cosc iomlán air a bheith ag gabháil do ghníomhaíochtaí ar líne agus é mar rún dochar a dhéanamh do scoláire nó do bhall foirne eile, é a chiapadh, nó a náiriú, ag a mbeidh iarmhairtí agus smachtbhannaí tromchúiseacha dóibh siúd lena mbaineann.

Glactar bearta lena chinntiú go bhfuil an fhoireann agus na scoláirí ar an eolas go sainítear bulaíocht mar iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine (nó daoine) eile, agus a dhéantar arís agus arís eile. Áirítear cibearbhulaíocht leis an sainmhíniú sin, fiú nuair a tharlaíonn sé lasmuigh den scoil nó istoíche.

Gléasanna Pearsanta

Ba chóir do dhaltaí a úsáideann a dteicneolaíocht féin sa scoil na rialacha atá leagtha amach sa chomhaontú seo a leanúint. Ní úsáidfí siad ach gléasanna pearsanta boise (fón cliste, táibléad, uaireadóir cliste etc.) ar scoil faoi stiúir agus/nó faoi mhaoirsiú múinteora má tá cead acu.

IS: Comhtháthú agus Tacaíocht Oideachais

Tá na ráitis seo a leanas beartaithe mar threoir do scoileanna chun athbhreithniú agus plé comhoibríoch a dhéanamh ar a gcur chuige chun IS a chomhtháthú i bhfoghlaim, i dteagasc agus i measúnú, agus chun teacht ar chomhaontú maidir leis sin.

- Aithníonn an scoil buntáistí féideartha na hIntleachta Saorga (IS) san oideachas agus tá sí tiomanta úsáid fhreagrach agus eiticiúil a bhaint aisti laistigh dár dtimpeallacht foghlama.
- Soláthraíonn an scoil deiseanna oiliúna agus forbartha gairmiúla do mhúinteoirí chun uirlisí IS a úsáid go héifeachtach ina gcleachtais teagaisc, rud a chinntíonn go leanfaidh siad de bheith suas chun dáta le dul chun cinn teicneolaíochta.
- Ailíníonn roghnú uirlisí agus teicneolaíochtaí IS le spriocanna oideachais, lena n-áirítear tacú le cumas gníomhúcháin an fhoghlaimeora agus smaointeoireacht chriticiúil a chur chun cinn.
- Tá teicneolaíochtaí IS comhtháthaithe sa churaclam chun torthaí foghlama agus eispéiris an fhoghlaimeora a fheabhsú.
- Comhtháthaíonn an scoil IS ina próisis oideachais chun foghlaim a fheabhsú, nuálaíocht a chothú agus forbairt scileanna criticiúla a chur chun cinn.
- Déanfaidh an scoil coigeartuithe riachtanacha ar ghlacadh agus comhtháthú IS de chuid ár scoile bunaithe ar athbhreithniú agus aiseolas.
- Tá athbhreithniú rialta ar thionchar IS ar thorthaí foghlama le déanamh le feabhsú leanúnach a chinntiú.

IS: Úsáid Eiticiúil agus Cosaint Sonraí

Tá na ráitis seo a leanas beartaithe mar threoir do scoileanna chun athbhreithniú agus plé comhoibríoch a dhéanamh ar a gcur chuige chun IS a chomhtháthú i bhfoghlaim, i dteagasc agus i measúnú, agus chun teacht ar chomhaontú maidir leis sin.

- Faigheann baill foirne agus foghlaimeoirí na scoile oiliúint ar úsáid eiticiúil teicneolaíochtaí IS, lena n-áirítear tuiscint a fháil ar phríobháideacht sonraí, claonadh a shainaithint agus faisnéis arna giniúint ag IS a dheimhniú.
- Tá na huirlisí IS uile atá údaraithe lena n-úsáid ar scoil i gcomhréir le rialacháin maidir le cosaint sonraí.
- Tá dianchosc ar shonraí pearsanta, íogaire nó rúnda a chur isteach in aon chóras IS gan údarú ceart.
- Ní dhéanfaidh foghlaimeoirí aon ábhar arna ghiniúint ag IS a chruthú, a chomhroinnt ná a sheoladh, ar ábhar é atá neamhdhleathach, gáirsiúil agus clúmhilleach nó atá beartaithe le bheith ag cur isteach ar dhuine eile nó le himeagla a chur air nó uirthi.
- Níor cheart do na baill foirne ná d'fhoghlaimeoirí IS a úsáid ar aon bhealach chun foghlaimeoirí, a mbaill teaghlaigh, a mbaill foirne nó comhaltaí eile de phobal na scoile a chiapadh, a mhaslú, a mhí-úsáid nó a chlúmhilleadh.
- Níor cheart do na baill foirne ná d'fhoghlaimeoirí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí lena mbaineann ábhar arna ghiniúint ag IS lena bhféadfaí míchlú a tharraingt ar an scoil.

IS: Litearthacht Dhigiteach agus Smaointeoireacht Chriticiúil a Chur Chun Cinn

Tá na ráitis seo a leanas beartaithe mar threoir do scoileanna chun athbhreithniú agus plé comhoibríoch a dhéanamh ar a gcur chuige chun IS a chomhtháthú i bhfoghlaim, i dteagasc agus i measúnú, agus chun teacht ar chomhaontú maidir leis sin.

- Cuireann an scoil scileanna litearthachta digití agus smaointeoireachta criticiúla chun cinn chun cabhrú le foghlaimeoirí tuiscint a fháil ar IS, ar a impleachtaí agus ar a úsáid fhreagrach. Mar chuid de sin áirítear litearthacht sonraí, faisnéis arna giniúint ag IS a dheimhniú agus clonadh féideartha in uirlisí IS a aithint. Trí chórais IS a úsáidtear i scoileanna cinntítear cothroime, trédhearcacht agus cuntasacht i bpróisis chinnteoireachta. Ní mór d'fhoghlaimeoirí creidiúint cheart a thabhairt do théacs agus íomhánna IS nuair a úsáidtear iad i dtascanna/obair bhaile. Tabharfaidh múinteoirí creidiúint do théacs agus íomhánna IS nuair a úsáidtear iad.
- Trí chórais IS a úsáidtear sa scoil cinntítear cothroime, trédhearcacht agus cuntasacht i bpróisis chinnteoireachta.
- Ní mór d'fhoghlaimeoirí creidiúint cheart a thabhairt do théacs agus íomhánna IS nuair a úsáidtear iad i dtascanna/obair bhaile.
- Tabharfaidh múinteoirí creidiúint do théacs agus íomhánna IS nuair a úsáidtear iad.

An úsáid a bhaineann foghlaimeoirí as IS

- Ceadaítear ábhar arna ghiniúint le IS chun críche taighde, tobsmaointeoireachta agus chun téacs a athbhreithniú.
- Ceadaítear ábhar arna ghiniúint le IS le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe le cead roimh ré ón scoil
- Má úsáidtear é le haghaidh taighde, ní mór d'fhoghlaimeoirí fíricí a sheiceáil agus foinsí eile a sheiceáil agus tagairt a dhéanamh do na foinsí.

An úsáid a bhaineann foghlaimoirí as IS

Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas

- Ceadaítear ábhar arna ghiniúint le IS le haghaidh tascanna/obair bhaile má dhéantar an úsáid sin a dhoiciméadú i gceart agus má thugtar creidiúint di le míniú ar conas a úsáidtear an uirlis IS agus ar mhéid a hionchuir.
- Ní cheadaítear ábhar arna ghiniúint le IS le haghaidh tascanna/obair bhaile.
- Ní cheadaítear ábhar arna ghiniúint le IS in áit obair foghlaimoirí (obair bhaile, tascanna, scrúduithe).

Reachtaíocht

Cuirfidh an scoil faisnéis ar fáil maidir leis an reachtaíocht seo a leanas a bhaineann le húsáid an Idirlín agus na dteicneolaíochtaí digiteacha ar cheart do mhúinteoirí, do scoláirí agus do thuismitheoirí eolas a fháil uirthi:

- Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go dtí 2018 agus an Rialachán Ginearálta maidir le
- Cosaint Sonraí (RGCS) an tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000
- An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht, 1998 an tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017 An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015
- An tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara 2020 (Dlí Coco) an
- tAcht um Dhamáiste, 1991

Struchtúir Thacaíochta

Tabharfaidh an scoil eolas do dhaltai agus do thuismitheoirí ar struchtúir thábhachtacha thacaíochta agus ar eagraíochtaí a phléann le hábhar neamhdhleathach nó le húsáid dhochrach an Idirlín.

Smachtbhannaí

Beidh gníomh araíonachta ann mar thoradh ar mhí-úsáid an Idirlín agus na dteicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear rabhaidh scríofa, tarraingt siar pribhléidí rochtana agus, i gcásanna tromchúiseacha, fionraí nó díbirt. Coimeádann an scoil an ceart aici féin chun aon ghníomhaíocht neamhdhleathach a thuairisciú do na húdaráis iomchuí, lena n-áirítear an Garda Síochána. Tá na smachtbhannaí seo leagtha amach sa Chód Iompair agus sa Pholasaí Frithbhulaíochta.



Teimpléad Samplach d'Fhoirm Cheada

Athbhreithnigh an Polasaí Úsáide Inghlactha scoile faoi iamh, agus déan an fhoirm cheada seo a shíniú agus a chur ar ais chuig an bPríomhoide/chuig an gCeann Bliana/chuig an Teagascóir Ranga.

Ainm na Scoile: _____

Ainm an Scoláire: _____

Rang/Bliain: _____

Mac léinn

Comhaontaím chun cloí le Polasaí Úsáide Inghlactha na scoile maidir le húsáid an idirlín agus na dteicneolaíochtaí digiteacha. Úsáidfídh mé an t-idirlíon agus na teicneolaíochtaí digiteacha ar bhealach freagrach agus comhlíonfaidh mé na nósanna imeachta ar fad atá leagtha amach sa pholasaí.

Síniú an Scoláire: _____ Dáta: _____

Tuismitheoir/Caomhnóir

Mar thuismitheoir nó mar chaomhnóir dlíthiúil an scoláire thuas, léigh mé an Polasaí Úsáide Inghlactha agus tugaim go gcuirtear rochtain Idirlín ar fáil chun críocha cúrsaí oideachais. Tuigim freisin go ndearna an scoil gach réamhchúram réasúnta chun soláthar a dhéanamh do shábháilteacht ar líne ach nach féidir freagracht a chur ar an scoil i gcás ina bhfaigheann daltaí rochtain ar shuíomhanna Idirlín mí-oiriúnacha.

Maidir le suíomh Idirlín na scoile, glacaim leis go bhféadfar obair scoile mo linbh a roghnú lena cur san áireamh ar an suíomh Idirlín, i gcás ina measann an scoil go bhfuil sí oiriúnach. Tuigim agus glacaim le téarmaí an Pholasaí Úsáide Inghlactha a bhaineann le hobair daltaí a fhoilsiú ar shuíomh Idirlín na scoile.

Síniú: _____ Dáta: _____

Seoladh:

Guthán: _____

Litir Shamplach do Thuismitheoirí/do Chaomhnóirí

A Thuismitheoir/Chaomhnóir, a chara,

Maidir le: Úsáid Shábháilte Fhreagrach as an Idirlíon

Mar chuid de chlár oideachais na scoile, tugaimid rochtain faoi mhaoirseacht ar an Idirlíon do scoláirí. Tugann sé seo rochtain do dhaltáí ar raon leathan acmhainní oideachais ar líne a chreidimid gur féidir leo a n-eispéireas foghlama a fheabhsú go mór.

Mar sin féin, bíonn freagracht úsáideoirí agus na scoile ag teastáil ó rochtain ar an Idirlíon agus ar na teicneolaíochtaí digiteacha agus óna n-úsáid. Leagtar na freagrachtaí sin amach i bPolasaí Úsáide Inghlactha na scoile (faoi iamh). Tá sé tábhachtach go léitear an cháipéis faoi iamh go cúramach, go síníonn tuismitheoir nó caomhnóir í agus go gcuirtear ar ais chuig an scoil í.

Cé go nglacann an scoil céimeanna gníomhacha le húsáid shábháilte an Idirlín a chur chun cinn, aithníonn sí go bhféadfadh daltaí ábhar mí-oiriúnach nó inlochtaithe a rochtain de thaisme nó d'aon turas.

Tar éis duit téarmaí Pholasaí Úsáide Inghlactha ár scoile a léamh, d'fhéadfadh gur mhian leat nóiméad a ghlacadh chun breithniú a dhéanamh ar an dóigh a n-úsáidtear an tIdirlíon i do bhaile féin le fáil amach an bhfuil aon dóigh ann a bhféadfá é a dhéanamh níos sábháilte do do theaghlach féin.

Is féidir le Tuismitheoirí/Caomhnóirí réimse comhairle, tacaíochta, uirlisí agus acmhainní a fháil ar Mhol Webwise do Thuismitheoirí atá ar fáil ar **webwise.ie/parents**. Ar an mol, gheobhaidh tú treoracha mínithe le haghaidh aipeanna coitianta, ábhair chainte, treoracha cén chaoi, físeáin shainchomhairle agus Treoir do Thuismitheoirí maidir le hÚsáid Idirlín níos fearr.

Le dea-mhéin,